# IFCO

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra um Aicme Scannán 2016

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS
DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY

Clár Ábhar


1. Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais 1
2. Príomhfhorbairtí in 2016 3
3. Deimhniú le haghaidh Imeachtaí Cúirte 7
4. Airgeadas 7
5. Deimhniú Scannáin Pictiúrlainne 9
6. Deimhniú Físeán/DVDanna 11
7. Ceadúnas arna nEisiúint 11
8. Baill Foirne 13

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Chuig Charles Flanagan
T.D., An tAire Dlí agus
Cirt agus Comhionannais

A Aire, a Chara,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra um Aicme Scannán do 2016 a chur i láthair arna leagan síos le hAlt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989.

Tá ár bhfeidhmeanna reachtúla rialaithe leis an Acht um Scrúdóireacht Scannán, 1923 agus leis an Acht um Fhístaifeadtaí 1989 mar aon lena leasuithe ábhartha. Cloímid leis na prionsabail seo a leanas chomh maith:

- Creidimid gur cheart an tsaoirse a bheith daoine fásta (i.e., daoine os cionn 18 mbliana d'aois), laistigh den dlí, cibé is mian leo breathnú air a roghnú.
- Tá sé de dhualgas orainn páistí agus daoine óga a chosaint ó chontúirt.
- Spreagaimid agus cuirimid chun cinn go láidir feidhmiú freagrachta tuismitheoirí.

In 2016, léiríodh treochtaí éagsúla sa chroíghnó maidir le scannáin chineama agus DVDanna a aicmiú. Léiríodh méadú 13% ar scannáin chineama, gan tréiléir san áireamh, ó 371 go 420. Tháinig laghdú 6%, áfach, ar aicmithe DVDanna ó 4,065 go 3,830.

Ba cheart a shonrú go bhfaightear céatadán atá ag méadú de shíor de tháirge siamsaíochta baile trí shruthú, nach bhfuil feidhm reachtúil ar bith ag IFCO thairis. Faoi mar a sonraíodh roimhe seo, is ábhar misnigh é go leanann ár bpáirtithe gnó d'aicmiú IFCO a lorg le haghaidh táirge atá ar fáil in Éirinn, beag beann ar mhodh an tseachadta.

I Meán Fómhair, chuireamar tógáil ár cineama intí i gcrích, rud a seachadfaidh coigiltis shuntasacha thar na blianta amach romhainn.

Rinneamar athbhreithniú ar ár dtreoirlínte foilsithe le linn na bliana agus ceapaim go bhfuil siad fós oiriúnach don fheidhm ach faoi réir measúnú leanúnach mar sin féin.

Le linn 2016 ní dhearnadh cinntí ar bith a achomharc chun an Bhoird Achomharc um Aicmiú Scannán.

I mí na Samhna, den chéad uair, thugamar faoi phróiseas earcaíochta poiblí i ndáil leis an bpost mar Aicmitheoir Cúnta. Mheall sé sin freagairt an-mhór agus líonfar na poist i dtús na bliana 2017.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil as an obair a rinne foireann an IFCO, na hAicmitheoirí Cúnta agus aitheantas a thabhairt chomh maith d'ionchur cuiditheach John Laffan agus rannóg Rialachais Chorparáidigh na Roinne.

Mise le Meas,

Ger Connolly
An Stiúrthóir um Aicme Scannán

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

‘Greann agus bagairt le gairbhe éadrom.’
(Comhairle do thomhaltóirí maidir le *Trolls* ar shuíomh gréasáin an IFCO)



Trolls
Stiúrthóir: Mike Mitchell, Walt Dohrn.

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

# Príomhfhorbairtí in 2016

## Gníomhaíocht Oibriúcháin

Ba é 420 an líon iomlán príomhscannán cineama a deimhníodh le linn 2016, méadú 49 ar 2015. Is é sin méadú suntasach agus is fiú a shonrú gur tháinig 64 (16%) ceann de na teidil sin as an India. Tháinig líon mór iarratas as an bhFrainc agus as an bPolainn chomh maith.

Ba é 3,830 an líon iomlán DVDanna a deimhníodh, laghdú 6% ar 2015. Mar a sonraíodh i mblianta roimhe seo, ag cur san áireamh méid na seirbhísí ar éileamh nach bhfuil ról reachtúil ar bith ag an IFCO tharstu, is ábhar misnigh é go bhfuil ár bpáirtithe gnó ag leanúint leis na méideanna sin ábhair a chur isteach lena n-aicmiú. Is é sin dearbhú ar luach trustmharc an IFCO do na heagraíochtaí sin.

## Achomhairc

Ní dhearnadh cinntí ar bith a achomharc chun an Bhoird Achomharc um Aicmiú Scannán le linn 2016.

## Cluichí Físeáin

Le linn 2016 rinne an IFCO scrúdú ar 26 cluiche atá rátáilte 18 ag an gCóras Uile-Eorpach Faisnéise do Chluichí (PEGI) chun comhlíonadh fhorálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989 a chinntiú. Tá sé cruthaithe go bhfuil an córas féinrialúcháin seo, a tugadh isteach in 2003 agus atá á maoirsiú ag PEGI, ina shamhail an-éifeachtach maidir le comhairle a sholáthar do thomhaltóirí agus tá sé ag teacht chun cinn i gcónaí chun freastal ar thimpeallacht atá ag athrú.

## Grúpaí Fócais/Cuir i Láthair

Rinneadh na hAicmitheoirí Cúnta David Power agus Mark Brennan roinnt cur i láthair idirghníomhach le Scoláirí Dara Leibhéal agus Tríú Leibhéal le linn na bliana. Tá sé beartaithe go gcuirfear cur i láthair oideachasúil a bheidh múnlaithe do mhic léinn na hIdirbhliana ar fáil 'ar éileamh' do scoileanna in 2017.

Ghlac baill den fhoireann aicmithe páirt chomh maith i líon léachtanna/ceisteanna agus freagraí, lena n-áirítear na cinn ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath agus ag an bhFéile Scannán 'Cinemagic'.

## Treoirlínte

De thoradh chomhairliúchán poiblí an IFCO, rinneamar athbhreithniú ar na treoirlínte foilsithe reatha. Chinneamar go bhfuil an chomhairle reatha, i láthair na huaire, oiriúnach don fheidhm ach faoi réir measúnú leanúnach.

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

‘Gníomh éadrom ealaín troda.’
(Comhairle do thomhaltóirí maidir le *Kung Fu Panda 3* ar shuíomh gréasáin an IFCO)



Kung Fu Panda 3
Stiúrthóir: Allesandro Carloni, Jennifer Yuh.

PG

**Aip Fóin Chliste/Suíomh Gréasáin**

Rinneadh scrúdú ar sholáthar aip fóin phóca IFCO le linn na bliana agus cinneadh an saineolas ábhartha a fháil chun é a chur chun feidhme le linn 2017. Mothaíodh chomh maith gur theastaigh suíomh gréasáin an IFCO a thabhairt cothrom le dáta agus a athdhearadh agus cuireadh é sin ar aghaidh le linn 2017 fosta.

**Gearáin**

Le linn na bliana, fuair an IFCO 14 ghearán ón bpobal a bhain go sonrach le haicmithe a deonaíodh. Bhain an líon ba mhó le JASON BOURNE, a cuireadh faoin aicme 12A agus an chomhairle seo do thomhaltóirí ag gabháil leis "Airm láidre agus gníomh comhraic ucht le hucht a thagann le scannáin a rinneadh roimhe sa ghnólacht saincheadúnais seo."

Bhain an comhfhreagras leis an leibhéal foréigin a taispeánadh agus cé gur mhothaíomar go raibh sé comhsheasmhach le cinntí i gcásanna eile, cuireann sé béim ar threocht a bhfuilimid eolach faoi agus a bhfuil monatóireacht a déanamh againn air i gcónaí. Bhí an treocht sin ina ábhar i dtionscadal taighde a rinne an tAicmitheoir Cúnta David Power dar teideal'Ratings Creep & Violence in Films for Young Teens' a chuir sé i láthair ag Comhdháil na nAicmitheoirí Idirnáisiúnta a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair.

**Cineama**

I Meán Fómhair tosaíodh ag oibriú ár cineama intí chun scannáin a chur ar an scáileán atá le heisiúint don amharclann. Rinneadh an tionscadal seo thar an dá bhliain roimhe seo agus gabhaimid buíochas le hOifig na nOibreacha Poiblí as a n-ionchur agus a gcomhoibriú sa phróiseas. Cuirfear coigiltis shuntasacha ar chostais ar fáil leis an tsaoráid seo thar a saolré.

Táimid an-bhuíoch do chineama Lighthouse as soláthar na saoráidí thar chúpla bliain anuas.

**Comhdháil na nAicmitheoirí Idirnáisiúnta**

Tionóladh comhdháil na n-aicmitheoirí idirnáisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair i mbliana. Chuir sé sin fóram ar fáil do rannpháirtithe na dtíortha éagsúla chun plé a dhéanamh ar cheisteanna maidir leis na margaí críochacha agus na margaí domhanda araon agus chun plé a dhéanamh ar chur chun cinn i mbeartas, teicneolaíocht agus an dea-chleachtas sa réimse um rialachán/aicme na meán.

Ba é an tAicmitheoir Cúnta Dani McClafferty a rinne na socruithe don imeacht den chuid ba mhó agus táimid buíoch don fhoireann ag Caisleán Bhaile Átha Cliath as a dtacaíocht le linn an imeachta.

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

‘Foréigean, bagairt agus léirscrios dian.’
(Comhairle do thomhaltóirí maidir le Independance Day: Resurgence ar shuíomh gréasáin an IFCO)



Independence Day: Resurgence
Stiúrthóir: Roland Emmerich.

**Deimhniú le haghaidh Imeachtaí Cúirte**

Cuireann an Oifig gearáin maidir le sáruithe ar fhorálacha an Achta um Scrúdóireacht Scannán, 1923 agus an Achta um Fhístaifeadtaí 1989, ar aghaidh chuig an nGarda Síochána lena n-imscrúdú. Faoi Alt 23 den Acht um Fhístaifeadtaí 1989, féadfaidh an Oifig um Aicmiú Scannán deimhnithe a eisiúint chun faisnéis áirithe a cheadaítear mar fhianaise in imeachtaí cúirte a chur ar fáil.

Ba é 45 líon iomlán na nDeimhnithe a eisíodh in 2016 ag taispeáint nach raibh Deimhnithe Soláthair i bhfeidhm faoi Alt 14 (3) (b) i ndáil le saothair áirithe.

**Airgeadas**

Ba iad seo a leanas na táillí a ghearr an Oifig le haghaidh deimhniú scannán agus DVD/físeán agus le haghaidh ceadúnais a eisiúint in 2016:

| | |
|---|---|
| **Físeáin** | **€1,018,303.67** |
| **Scannáin** | **€412,411.23** |
| **Ceadúnais** | **€206,009.99** |
| **Lipéid** | **€3,854.45** |

Ba é **€1,640,579.34** an t-ioncam iomlán a tarchuireadh chuig an Roinn in 2016.

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE


‘Radhairc le han-chuid foréigin agus gnéis. Tagairtí do mhí-úsáid chéile.’
(Comhairle do thomhaltóirí maidir le The Girl on the Train ar shuíomh gréasáin an IFCO)



The Girl on the Train
Stiúrthóir: Tate Taylor.


15A

**Deimhniú Scannáin Pictiúrlainne**
**Iarratais Pictiúrlainne a Deimhníodh 2016**




**De réir Cineál Saothair**

| | |
|---|---|
| Príomhscannáin | 417 |
| Gearrscannáin | 3 |
| Tréiléir | 409 |
| **Iomlán** | **829** |




**De réir Catagóire**

| | |
|---|---|
| G | 137 |
| PG | 130 |
| 12A | 292 |
| 15A | 220 |
| 16 | 37 |
| 18 | 13 |
| **Total** | **829** |

**Príomhscannáin (2013 – 2016)**

| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| G | 24 | 38 | 28 | 37 |
| PG | 37 | 49 | 47 | 62 |
| 12A | 105 | 114 | 117 | 131 |
| 15A | 125 | 139 | 129 | 142 |
| 16 | 34 | 44 | 38 | 35 |
| 18 | 19 | 7 | 12 | 13 |
| | 344 | 391 | 371 | 420 |

Tír Thionscnaimh Aonair;

| | |
|---|---|
| 176 | SAM |
| 64 | India |
| 42 | RA |
| 20 | Éire |
| 14 | An Fhrainc |
| 10 | An Pholainn |
| 8 | An Astráil |
| 7 | An tSeapáin |
| 6 | An tSín |
| 5 | An Iodáil |
| 4 | An Danmhairg |
| 2 | An Nua-Shéalainn |
| 2 | An Iorua |
| 1 | An Airgintín |
| 1 | An Bheilg |
| 1 | An tSíle |
| 1 | An Cholóim |
| 1 | An Ghearmáin |
| 1 | Hong Cong |
| 1 | An Ungáir |
| 1 | Iosrael |
| 1 | Meicsiceo |
| 1 | An Ísiltír |
| 1 | An Rúis |
| 1 | An Spáinn |
| **372** | **Iomlán** |

Iltíortha Tionscnaimh


| | |
|---|---|
| 8 | RA/SAM |
| 3 | Ceanada/SAM |
| 2 | Hong Cong/An tSeapáin |
| 2 | South Korea/An tSeapáin |
| 2 | RA/An India |
| 2 | SAM/An Fhrainc |
| 2 | an Fhrainc/an Bheilg |
| 1 | an Astráil/Éire |
| 1 | an Fhrainc/an Ghearmáin/an Tuirc/Catar |
| 1 | An tSeapáin/SAM |
| 1 | An Fhrainc/SAM |
| 1 | an Ghearmáin/SAM/RA/an Fhrainc |
| 1 | an Íoslainn/Danmhairg/Iorua/Pholainn |
| 1 | an India/SAM |
| 1 | Éire/an Ísiltír/an Fhrainc/SAM |
| 1 | Éire/an Ísiltír/Lucsamburg |
| 1 | Éire/RA |
| 1 | Éire/SAM/RA |
| 1 | an Iodáil/an Fhrainc |
| 1 | an tSeapáin/Rúis/Astráil/Ghearmáin/SAM |
| 1 | Meicsiceo/an Téaváin/SAM |
| 1 | an Ísiltír/RA/Catar |
| 1 | an Iorua/an Fhrainc/an Danmhairg |
| 1 | an Rúis/SAM |
| 1 | RA/Ceanada |
| 1 | RA/Ceanada/SAM |
| 1 | RA/Éire |
| 1 | RA/SAM/an Bhulgáir |
| 1 | RA/SAM/an Ghearmáin |
| 1 | RA/an Ghearmáin |
| 1 | SAM/an Fhrainc/an Danmhairg |
| 1 | SAM/an Astráil |
| 1 | SAM/an tSín/Ceanada |
| 1 | SAM/an Fhrainc |
| **48** | **Iomlán** |

‘An-chuid foréigin fhuiltigh i rith an scánnáin.’
(Comhairle do thomhaltóirí maidir le Green Room ar shuíomh gréasáin an IFCO)




Green Room
Stiúrthóir: Jeremy Saulnier.

## Deimhniú le haghaidh Físeán/DVDanna
**Saothair DVD/Físeáin Deimhnithe de réir Catagóire 2016**





### De réir Cineál Saothair

| | |
|---|---|
| Príomhscannáin | 1,952 |
| Cumaisc | 468 |
| Breiseanna DVDanna | 1,117 |
| Tréiléir | 262 |
| Cluichí Físeáin | 26 |
| Fógraí | 5 |
| **Iomlán** | **3,830** |




### De réir Catagóire

| | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| **G** | 924 | 676 | 726 | 805 |
| **PG** | 817 | 675 | 610 | 590 |
| **12** | 1,033 | 884 | 905 | 845 |
| **15** | 1,317 | 1,331 | 1,596 | 1,427 |
| **18** | 245 | 227 | 228 | 163 |
| | 4,336 | 3,793 | 4,065 | 3,830 |




### Ceadúnas arna nEisiúint

| | |
|---|---|
| Mórdhíola | 1 |
| Feithicil | 1 |
| Miondíola | 1,041 |
| **Iomlán** | 1,043 |

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

'Mí-úsáid láidir drugaí go minic, foréigean láidir agus ábhar gnéasach.'
(Comhairle do thomhaltóirí maidir le *T2: Trainspotting* ar shuíomh gréasáin an IFCO)



T2: Trainspotting
Stiúrthóir: Danny Boyle

18

**Baill Foirne**

**An Stiúrthóir um Aicme Scannán**

Ceapadh Ger Connolly mar an Stiúrthóir um Aicme Scannán i mí na Bealtaine 2016. Bhí sé ina Scrúdóir Cúnta agus ina Stiúrthóir Gníomhach roimhe sin.

Rugadh Ger i mbaile Chill Dara agus tá cónaí air ansin. Bhain sé céim amach ó COBÁC le Céim B. Comm, agus rinne sé staidéar ar chuntasaíocht le Deloitte, Haskins & Sell, agus d'oibrigh sé sa cháil sin sna tionscail fógraíochta agus déantúsaíochta. Ceapadh mar scrúdóir cúnta scannán páirtaimseartha é i mí na Samhna 1993. D'fhóin sé mar Leas-Scrúdóir Scannán ó 2003 go 2009 agus mar Stiúrthóir Gníomhach ó 2009 go 2016. Déanann sé ionadaíocht ar son na hÉireann ar bhord PEGI, an córas Uile-Eorpach aicmithe do Chluichí, agus suíonn sé ar a Bhord Comhairleach agus ar a Bhord Gearán araon.

**Aicmitheoirí Cúnta Páirtaimseartha le linn 2016**

Mark Brennan
Iriseoir agus Léiritheoir Teilifíse

David Power
Léiritheoir Teilifíse

Olga Bennett
Iar-Ionadaí Poiblí

Mairead Marron
Comhairleoir/Síciteiripeoir

Dani McClafferty
Comhairleoir

Is é Daniel Sugrue Bainisteoir na hOifige, a dhéanann maoirseacht ar fhoireann Státseirbhíseach.

www.ifco.ie

G PG 12A 15A 16 18

IFCO

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE